2025/702

8.4.2025

CINNEADH (AE) 2025/702 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Márta 2025

lena n-údaraítear an Coimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le hionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 de, i gcomhar le h Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise an chogaidh fhoghaigh gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, an 14 Samhain 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún ES-11/5, dar teideal '*Furtherance of remedy and reparation for aggression against Ukraine*' [Leighis agus cúiteamh a chur chun cinn i leith an fhogha faoin Úcráin].

(2) Chomh maith le hoibleagáidí na Stát uile faoi Airteagal 2 de Chairt na Náisiún Aontaithe a mheabhrú, lena n-áirítear staonadh ina gcaidreamh idirnáisiúnta ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid i gcoinne iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil aon Stáit, chuir Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in iúl gur cúis mhór imní dó an bás, an t-easáitiú sibhialtach, scriosadh an bhonneagair agus na n-acmhainní nádúrtha, an caillteanas maoine poiblí agus príobháidí, agus an tubaiste eacnamaíoch arb é is cúis leo an fogha atá Cónaidhm na Rúise a thabhairt faoin Úcráin.

(3) D'aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe nach mór Cónaidhm na Rúise a thabhairt chun cuntais as aon sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta a rinneadh san Úcrain nó ina coinne. Ina theannta sin, chuir sí i bhfios go láidir nach mór do Chónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta uile a sheasamh, lena n-áirítear cúiteamh a dhéanamh as an díobháil, lena n-áirítear aon damáiste, arb iad na gníomhartha sin is cúis léi.

(4) D'aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe gur gá sásra idirnáisiúnta a bhunú, i gcomhar leis an Úcráin, chun damáiste, caillteanas nó díobháil a chúiteamh, a eascraíonn as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne. Chuige sin, mhol sé go gcruthófaí clár idirnáisiúnta damáiste chun feidhmiú mar thaifead, i bhfoirm dhoiciméadach, ar fhianaise agus ar fhaisnéis maidir le héilimh i ndáil le damáiste, caillteanas nó díobháil a bhain do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, chomh maith le Stát na hÚcráine, de dheasca ghníomhartha Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne, ar gníomhartha iad atá éagórach go hidirnáisiúnta, chomh maith le bailiú fianaise a chur chun cinn agus a chomhordú.

(5) An 12 Bealtaine 2023, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa Rún CM/Res(2023)3 lena mbunaítear an Páirt-Chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin ('an Clár').

(6) Chun iarrachtaí cuntasachta a bhrú ar aghaidh i dtreo sásra idirnáisiúnta a bhunú chun damáiste, caillteanas nó díobháil a chúiteamh a eascraíonn as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne, ghlac na Stáit ar Rannpháirtithe nó Comhaltaí Comhlachaithe iad faoin bPáirt-Chomhaontú Méadaithe ar an gClár cur chuige céim ar chéim, agus roghnaigh siad an Clár a bhunú ar dtús. Bhí na gnéithe eile den sásra cúitimh le leanúint ina dhiaidh sin, is iad sin, an coimisiún éileamh agus an ciste cúitimh. Léiríodh an cur chuige sin i Reacht an Chláir, áit a n-admhaítear go bhfuil an Clár, lena n-áirítear a ardán digiteach leis na sonraí uile maidir le héilimh agus fianaise arna dtaifeadadh ann, ina chéad chomhpháirt de shásra idirnáisiúnta um chúiteamh atá le bunú le hionstraim idirnáisiúnta ar leithligh i gcomhar leis an Úcráin agus le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha.

(7) Tar éis dó dul isteach sa Chlár mar Chomhalta Comhlach bunaidh an 11 Bealtaine 2023 trí bhíthin fógra chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, d'athraigh an tAontas a stádas go Rannpháirtí sa Chlár an 22 Iúil 2024.

(8) An 29 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/792 [1], lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, lena ndearnadh foráil *inter alia* maidir leis an mbunús dlí le haghaidh cistiú do thionscnaimh agus do chomhlachtaí a bhfuil baint acu le tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus lena fhorfheidhmiú, amhail le haghaidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gClár.

(9) In 2024, thug Oifig Uachtarán na hÚcráine, Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine, Aireacht Gnóthaí Eachtracha Ríocht na hÍsiltíre agus an Clár cuireadh do na Stáit a thacaigh le glacadh Rún A/RES/ES-11/5 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe chuig cruinnithe ullmhúcháin maidir le hionstraim idirnáisiúnta chun Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin a bhunú. Meastar go mbeidh an chéad bhabhta caibidlíochta foirmiúil ar siúl i mí an Mhárta 2025.

(10) D'ullmhaigh Rúnaíocht an Chláir 'dréacht nialais' d'ionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin. Áirítear sa 'dréacht nialais' forálacha maidir le sainordú, feidhm, stádas dlíthiúil, suíomh, ballraíocht agus rannpháirtíocht an Choimisiúin Idirnáisiúnta Éileamh, chomh maith lena struchtúr eagraíochtúil, maoiniú agus buiséad agus maidir leis an nós imeachta chun éilimh a athbhreithniú, ballraíocht i gCónaidhm na Rúise, agus obair an Chláir a aistriú.

(11) I bhfianaise leas an Aontais a thiomantas daingean a athdhearbhú maidir lena áirithiú go seasfaidh Cónaidhm na Rúise iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta san Úcrain nó ina coinne, lena n-áirítear an oibleagáid cúiteamh a dhéanamh i leith aon damáiste, caillteanais nó díobhála a eascraíonn as na gníomhartha sin, is iomchuí don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht maidir le hionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin. Tá an méid sin gan dochar d'inniúlacht Bhallstáit an ionstraim idirnáisiúnta sin a chaibidil agus a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht maidir le hionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus um Chomhairle na hEorpa (COSCE).

Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta don Mheitheal de chuid na Comhairle faoi na céimeanna a glacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle léi go rialta.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

[1] Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

IARSCRÍBHINN 1

Treoracha maidir leis an gcaibidlíocht ar an ionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin

Le linn na caibidlíochta ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gCoimisiún na cuspóirí a leagtar amach thíos go mionsonraithe a chur i gcrích.

(1) Is é is cuspóir don ionstraim idirnáisiúnta lena mbunaítear an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin an bunús dlí faoin dlí idirnáisiúnta a chruthú do chomhlacht riaracháin chun athbhreithniú, measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar éilimh incháilithe ar chúiteamh i leith damáiste, caillteanais nó díobhála agus an méid cúitimh a chinneadh a bheidh dlite i ngach cás as an damáiste, an caillteanas nó an díobháil sin a rinneadh i gcríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena gcuimsítear a farraige theorann agus a limistéar eacnamaíoch eisiach agus a scairbh ilchríochach do gach duine nádúrtha agus dlítheanach lena mbaineann, chomh maith le Stát na hÚcráine, lena n-áirítear a húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, eintitis faoi úinéireacht stáit nó faoi rialú, de dheasca gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise san Úcráin nó ina coinne, lena n-áirítear a fogha ar sárú é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, chomh maith le haon sárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.

(2) Saineofar go soiléir san ionstraim idirnáisiúnta raon feidhme críochach agus ama an Choimisiúin Éileamh.

(3) Leis an ionstraim idirnáisiúnta, soláthrófar stádas dlíthiúil agus pearsantacht dhlítheanach an Choimisiúin Éileamh de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú agus a shainordú a chomhlíonadh.

(4) Leagfar amach go soiléir beacht san ionstraim idirnáisiúnta teidil na ballraíochta do Stáit agus d'Eagraíochtaí Lánpháirtíochta Réigiúnaí agus a módúlachtaí rannpháirtíochta san ionstraim.

(5) Leagfar amach go soiléir san ionstraim idirnáisiúnta struchtúr eagraíochtúil an Choimisiúin Éileamh, go háirithe, maidir le struchtúr rialachais agus módúlachtaí rannpháirtíocht na Stát agus na nEagraíochtaí Lanpháirtíochta Réigiúnaí.

(6) Sonrófar san ionstraim idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go n-íocfaidh Cónaidhm na Rúise costais an Choimisiúin Éileamh. Sonrófar ann freisin, go dtí go gcomhlíonann Cónaidhm na Rúise an oibleagáid sin, go maoineofar an Coimisiún Éileamh trí ranníocaíochtaí bliantúla measúnaithe a Chomhaltaí agus trí ranníocaíochtaí deonacha, agus go mbeidh ranníocaíochtaí na gComhaltaí inghnóthaithe ó Chónaidhm na Rúise.

(7) Leagfar amach go soiléir san ionstraim idirnáisiúnta na módúlachtaí maidir leis an ranníocaíocht bhliantúil airgeadais ó na Comhaltaí a chinneadh agus na rialacha agus na nósanna imeachta airgeadais lena rialaítear an Coimisiún Éileamh.

(8) Áireofar san ionstraim idirnáisiúnta na módúlachtaí is gá chun obair Chlár an Damáiste a aistriú go rianúil agus go beacht, agus sonrófar inti an bhféadfaí leanúint ar aghaidh leis an gClár faoi chuimsiú an Choimisiúin Éileamh.

(9) Forálfar leis an ionstraim idirnáisiúnta go mbeidh ceart vótála ag an Aontas Eorpach a bheidh comhionann le ceart vótála na bpáirtithe eile; agus go bhfeidhmeoidh sé a cheart vótála gan dochar do chearta vótála a Bhallstát atá ina gComhaltaí den Choimisiún Éileamh, agus gan beann ar na cearta sin.

(10) Is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

(a) Ní mór an chaibidlíocht a ullmhú i bhfad roimh ré. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún an coiste speisialta arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, ar an eolas, i.e. Meitheal na Comhairle um an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus um Chomhairle na hEorpa (COSCE) faoin sceideal a bhfuiltear ag súil leis agus faoi na saincheisteanna a bheidh le caibidil, agus roinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha a luaithe is féidir.

(b) I gcás inar gá, beidh cruinniú ag COSCE roimh na seisiúin chaibidlíochta chun na príomh-shaincheisteanna a shainaithint, tuairimí a cheapadh agus treoir a thabhairt, de réir mar is iomchuí.

(c) Tuairisceoidh an Coimisiún do COSCE maidir le toradh na gcaibidlíochtaí tar éis gach seisiúin caibidlíochta nó, nuair a sheolfar roinnt seisiúin caibidlíochta ag an am céanna, tar éis sraith seisiún caibidlíochta.

(d) Cuirfidh an Coimisiún COSCE ar an eolas maidir le haon saincheist thábhachtach a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na caibidlíochta.

IARSCRÍBHINN 2

RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH . . . 6

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh . . . 6

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann . . . 6

1.3. Cuspóirí . . . 6

1.3.1. Cuspóirí ginearálta . . . 6

1.3.2. Cuspóirí sonracha . . . 6

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo . . . 6

1.3.4. Táscairí feidhmíochta . . . 6

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: . . . 6

1.5. Forais an togra/tionscnaimh . . . 7

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh . . . 7

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. . . . 7

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart . . . 7

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile . . . 8

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh . . . 8

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige . . . 8

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme . . . 8

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA . . . 9

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe . . . 9

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe . . . 9

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe . . . 9

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú . . . 9

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) . 9

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc . . . 10

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH . . . 10

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar . . 10

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe . . . 10

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí . . . 10

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar . . . 11

3.2.2. An t-aschur a mheastar a cistíodh ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí . . . 12

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin 13
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 13
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 13
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 13
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 14
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 15
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 15
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam 15
4. GNÉITHE DIGITEACHA 15
4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach 15
4.2. Sonraí 16
4.3. Réitigh dhigiteacha 16
4.4. Measúnú idir-inoibritheacha 16
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 16

1. **LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. **Teideal an togra/tionscnaimh**

Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú idirnáisiúnta lena mbunaítear an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin.

1.2. **Réimsí beartais lena mbaineann**

Ceartas Cúnamh airgeadais agus teicniúil a chur ar fáil do thríú tíortha

1.3. **Cuspóirí**

1.3.1. *Cuspóirí ginearálta*

Is é is príomhchuspóir don togra seo údarú a thabhairt don Choimisiún páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht ar an ionstraim idirnáisiúnta maidir leis an gCoimisiún Éileamh a chur ar bun. Beidh ról ríthábhachtach ag Coimisiún Éileamh a bhunú maidir le tacú leis an gceartas idirnáisiúnta don Úcráin agus maidir lena fhorfheidhmiú toisc gur cuid lárnach é de shásra cúitimh idirnáisiúnta d'íospartaigh fhogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin.

1.3.2. *Cuspóirí sonracha*

1. Ar deireadh, an tacaíocht is gá a thabhairt don Úcráin chun a áirithiú go mbeidh iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta i gcoinne na hÚcráine ag Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear an oibleagáid cúiteamh a thabhairt i leith aon damáiste, caillteanas nó díobháil a dhéanann na gníomhartha sin. 2. Cloí le Reacht Chlár an Damáiste – ina bhfuil an tAontas ina Rannpháirtí – lena bhforáiltear go bhfuil an Clár, lena n-áirítear a ardán digiteach leis na sonraí uile maidir le héilimh agus fianaise arna dtaifeadadh ann, atá ceaptha mar an chéad chomhpháirt den sásra cúitimh atá le bunú le hionstraim idirnáisiúnta ar leithligh i gcomhar leis an Úcráin agus le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha. 3. An Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta a bhunú agus rannpháirtíocht an Aontais ann a áirithiú. 4. Na hacmhainní a thabhairt don Choimisiún Éileamh Idirnáisiúnta chun athbhreithniú, measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar éilimh incháilithe atá taifeadta i gClár an Damáiste agus an méid cúitimh atá dlite a chinneadh i ngach cás.

1.3.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

D'oibreodh an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta mar chomhlacht aimsithe fíoras agus dhéanfadh sé athbhreithniú, measúnú agus cinneadh ar éilimh incháilithe atá taifeadta sa Chlár agus chinnfeadh sé an méid cúitimh atá dlite i ngach cás.

1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

An Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta a bhunú.

1.4. **Baineann an togra/tionscnamh le:**

✠ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart ([1])

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

([1]) Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá dhá phríomhcheanglas ann ar féidir a bheith ag súil leo agus an tionscnamh seo á chur chun feidhme. Is é an chéad cheann, atá gearrthéarmach, an sainordú a fháil go foirmiúil chun páirt a ghlacadh don Aontas sa phróiseas caibidlíochta maidir leis an gCoimisiún Éileamh Idirnáisiúnta a bhunú. An dara ceann, atá fadtéarmach, ní fhéadfaí measúnú a dhéanamh air go dtí go mbeidh an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta lánoibríochtúil. A luaithe a bheidh an cás amhlaidh, d'fhéadfaí éifeachtúlacht na hionstraime sin a mheas i gcomparáid lena cumas éilimh incháilithe a athbhreithniú, a mheasúnú agus a chinneadh agus an méid cúitimh atá dlite a chinneadh i ngach cás.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex-ante)

D'athdhearbhaigh an tAontas ar ócáidí éagsúla go bhfuil sé tiomanta chun a áirithiú go mbeidh iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta ag Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear an oibleagáid cúiteamh a thabhairt i leith aon damáiste a dhéanann na gníomhartha sin. Athdhearbhaíonn an gealltanas sin go háirithe an iarraidh a rinneadh i rún 2022 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Leighis agus cúiteamh a chur chun cinn i leith fogha i gcoinne na hÚcráine', inar aithníodh an gá atá le sásra idirnáisiúnta a bhunú chun damáiste, caillteanas nó díobháil a chúiteamh a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Agus freagra á thabhairt ar an nglao sin, an 12 Bealtaine 2023, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Rún lena mbunaítear an Páirt-chomhaontú Méadaithe maidir le Clár an Damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Ghlac na Stáit cur chuige céim ar chéim, agus roghnaigh siad an Clár a bhunú ar dtús, rud a bheidh le leanúint ag na gnéithe eile den sásra cúitimh, is iad sin, coimisiún éileamh agus ciste cúitimh. Léiríodh an cur chuige sin i Reacht an Chláir, áit a n-admhaítear go bhfuil an Clár, lena n-áirítear a ardán digiteach leis na sonraí uile maidir le héilimh agus fianaise arna dtaifeadadh ann, ceaptha mar an chéad chomhpháirt den sásra cúitimh atá le bunú le hionstraim idirnáisiúnta ar leithligh i gcomhar leis an Úcráin agus le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha. Tar éis dó dul isteach i gClár an Damáiste mar Chomhalta Comhlach bunaidh ar dtús an 11 Bealtaine 2023 trí bhíthin Cinneadh ón gCoimisiún, d'athraigh an tAontas, de thoradh Cinneadh ón gComhairle a glacadh an 22 Iúil 2024, a stádas go Rannpháirtí lánfheidhme. Dá bhrí sin, tá an tAontas rannpháirteach laistigh dá ról féin sa Chlár, in éineacht leis na Ballstáit agus sa bhreis orthu (seachas an Ungáir). Leis an rannpháirtíocht sin, is féidir leis an Aontas seasamh lena ghealltanas tacú leis an Úcráin agus rannchuidiú le dlíchóras idirnáisiúnta riailbhunaithe a athbhunú. An tráth céanna, cuireann sé ar chumas an Choimisiúin comhordú níos fearr a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí a bhaineann le cúiteamh leis na Ballstáit, agus ar an gcaoi sin a áirithiú gur féidir leis an Aontas labhairt d'aon ghuth. Dá bhrí sin, is é an fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún páirt a ghlacadh i gcaibidlíocht an Choimisiúin Éileamh, agus ar deireadh thiar sa Choimisiún Éileamh féin nuair a bhunófar é, leanúint den *status quo* atá ann cheana agus é a fhorbairt go nádúrtha.

An breisluach AE a bhfuil coinne leis a ghiniúint (ex post)

Trí pháirt a ghlacadh i mbunú an Choimisiúin Éileamh Idirnáisiúnta, rannchuideodh an tAontas lena áirithiú go mbeadh iarmhairtí dlíthiúla a gníomhartha éagóracha ag Cónaidhm na Rúise agus, san iarracht sin, go mbeadh an tAontas in ann labhairt d'aon ghuth. Nuair is gá, d'fhéadfadh an Coimisiún comhordú leis na Ballstáit agus i measc na mBallstát a áirithiú sna céimeanna éagsúla de bhunú agus d'fheidhmiú an Choimisiúin Éileamh, rud a chuirfeadh le bainistiú éifeachtúil an chomhlachta nua sin.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Baineann na príomhcheachtanna a foghlaimíodh san am a chuaigh thart leas as ionstraimí comhchosúla a bhí ann roimhe seo. Is é Coimisiún Cúitimh na Náisiún Aontaithe an fasach is ábhartha, ar féidir leis roinnt léargas a thabhairt ar dhearadh agus ar chostais an Choimisiúin Éileamh don Úcráin. Bhí sé ann ar feadh 31 bliana (1991 go 2022) ach mhair a ghníomhaíochtaí breithnithe 12 bhliain. Mar gheall ar an mbunobair atá déanta cheana féin ag an gClár agus ar na forbairtí teicneolaíochta le roinnt mhaith blianta anuas, d'fhéadfadh saolré níos giorra a bheith ag an gCoimisiún Éileamh ná mar atá ag Coimisiún Cúitimh na Náisiún Aontaithe, a mheastar a bheith 10 mbliana faoi láthair. Níor ghlac an tAontas páirt in Coimisiún Cúitimh na Náisiún Aontaithe, áfach.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Léiríonn tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais don Úcráin tiomantas comhroinnte do phrionsabail dhaonlathacha agus do choimirciú an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe agus na síochána san Eoraip. Dá bhrí sin, tá an togra seo comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh tacú leis an Úcráin agus an t-ord idirnáisiúnta agus an tsíocháin san Eoraip a chosaint, go háirithe i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise atá ann faoi láthair i gcoinne na hÚcráine. Tacaítear le cuspóirí an togra seo le Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin. Le hAirteagal 34(3) den rialachán sin, foráiltear le haghaidh cúnamh faoi Cholún III den tSaoráid don Úcráin: 'tacófar freisin le neartú na n-acmhainneachtaí le haghaidh coinbhleachtaí a chosc, cothú na síochána agus tabhairt faoi na riachtanais, idir réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime, lena n-áirítear trí bhearta cothaithe muiníne agus trí phróisis lena gcuirtear chun cinn an ceartas, tóraíocht na fírinne, athshlánú cuimsitheach iarchoinbhleachta ar mhaithe le sochaí chuimsitheach shíochánta chomh maith le fianaise a bhailiú ar choireanna a rinneadh le linn an chogaidh. Féadfar cistiú a chur ar fáil faoin gCaibidil seo do thionscnaimh agus do chomhlachtaí atá ag obair chun tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus leis an gceartas sin a fhorfheidhmiú'.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Le Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, soláthraítear an bunús dlí le haghaidh ranníocaíocht an Aontais leis an gCoimisiún Éileamh Idirnáisiúnta go dtí 2027. Ar bhonn na gcuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/792, agus go háirithe faoi Chaibidil V, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 34(3) den Rialachán sin 'Leis an gcúnamh faoin gCaibidil seo, tacófar freisin le neartú na n-acmhainneachtaí le haghaidh coinbhleachtaí a chosc, cothú na síochána agus tabhairt faoi na riachtanais, idir réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime, lena n-áirítear trí bhearta cothaithe muiníne agus trí phróisis lena gcuirtear chun cinn an ceartas, tóraíocht na fírinne, athshlánú cuimsitheach iarchoinbhleachta ar mhaithe le sochaí chuimsitheach shíochánta chomh maith le fianaise a bhailiú ar choireanna a rinneadh le linn an chogaidh. Féadfar cistiú a chur ar fáil faoin gCaibidil seo do thionscnaimh agus do chomhlachtaí atá ag obair chun tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus leis an gceartas sin a fhorfheidhmiú'. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an ionstraim lena mbunaítear an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta an ceartas idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú san Úcráin trí rannchuidiú le sásra lena gcúiteofar na damáistí a d'fhulaing an Úcráin agus a daonra agus a tharla mar gheall ar sháruithe Chónaidhm na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta, déantar foráil le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE) 2024/792 maidir leis an mbunús dlí iomchuí don Aontas chun a ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil don Choimisiún Éileamh go dtí 2027. Is é a bheadh sa líne bhuiséid a fhreastalódh ar an gcaiteachas sin líne 16 06 03 01 — cúnamh aontachais an Aontais agus bearta eile, ina mínítear sna nótaí tráchta buiséid gaolmhara go gcumhdófar leis an mír seo 'tacaíocht do […] bhearta eile atá comhlántach le gníomhaíocht an Aontais, sásraí cuntasachta do chogadh foghach na Rúise, mar shampla'. Cumhdaítear ranníocaíocht an Aontais le Clár an Damáiste freisin leis an tSaoráid don Úcráin.

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

✠ **tréimhse theoranta**

— ✠ i bhfeidhm ó 2025 go 2035 ([2])

— ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

— Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

— agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme** ([3])

✠ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún ([4])

— ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

— ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

([2]) Meastar go bhfuil saolré 10 mbliana ag an gCoimisiún Éileamh Idirnáisiúnta faoi láthair.

([3]) Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/funding-management-mode_ga.

([4]) Déanfar an ranníocaíocht sin trí tháille bhallraíochta a íoc faoi Airteagal 245 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R2509. Is ionstraim é seo atá faoi bhainistíocht dhíreach.

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

— ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

— ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí) ([5])

— ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

— ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

— ☐ comhlachtaí dlí poiblí

— ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh

— ☐ comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais

— ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

— ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

2. **BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. **Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

Maidir le socruithe tuairiscithe, déanfar rannpháirtíocht an Aontais sa chaibidlíocht maidir leis an gCoimisiún Éileamh a chur ar bun i gcomhairle le coiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE. Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta don choiste speisialta faoi na céimeanna arna nglacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis go rialta. Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún di maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

2.2. **Córais bhainistíochta agus rialaithe**

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Maidir leis an modh cur chun feidhme, tá Airteagal 245 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais ([6]), lena gcuirtear ar chumas an Aontais táillí ballraíochta a íoc le comhlachtaí a bhfuil an tAontas ina chomhalta díobh, infheidhme maidir le ranníocaíocht an Aontais leis an gCoimisiún Éileamh.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Níor aithníodh aon rioscaí sonracha ag an gcéim seo.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

De réir threoir sheirbhísí lárnacha an Choimisiúin, déantar costas na rialuithe ar leibhéal an Choimisiúin a mheas de réir chostas na gcéimeanna rialaithe éagsúla. Faightear an measúnú foriomlán do gach modh bainistíochta ón gcóimheas idir na costais sin ar fad agus an méid iomlán a íocadh sa bhliain don mhodh gaolmhar bainistíochta.

([5]) Táthar ag súil go dtabharfaidh an Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta féin aire do na cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid.

([6]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

3. **AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. **Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar**

— Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	Leithreasaí difreáilte/ Leithreasaí neamhdhifreáilte ([7]).	ó thíortha de chuid CSTE ([8])	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha ([9])	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
0	16 06 03 01	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

3.2. **An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

— ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

— ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

([7]) Leithreasaí difreáilte. Difreáilte = Leithreasuithe difreáilte / Neamhdhifreáilte = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
([8]) CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
([9]) Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2.1.1. *Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	0	**Caiteachas lasmuigh de na huasteorainneacha bliantúla a leagtar amach sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil**

Ard-Stiúrthóireacht: Beartas Comharsanachta na hEorpa agus Caibidlíocht maidir le Méadú			Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
16 06 03 01 — Cúnamh aontachais an Aontais agus bearta eile	Gealltanais	(1a)	0,000	0,000	3,000	3,000	**6,000**
	Íocaíochtaí	(2a)	0,000	0,000	3,000	3,000	**6,000**
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ([10])							
Líne bhuiséid		(3)					
IOMLÁN leithreasuithe in aghaidh Ard-Stiúrthóireachta Beartas Comharsanachta na hEorpa agus Caibidlíocht maidir le Méadú	Gealltanais	=1a+1b+3	**0,000**	**0,000**	**3,000**	**3,000**	**6,000**
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	**0,000**	**0,000**	**3,000**	**3,000**	**6,000** ([11])

			Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	3,000	3,000	**6,000**
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	3,000	3,000	**6,000**
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 0 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	**0,000**	0,000	3,000	3,000	**6,000**
	Íocaíochtaí	=5+6	**0,000**	0,000	3,000	3,000	**6,000**

([10]) Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.
([11]) Is dócha go mbeidh ranníocaíocht bhliantúil mheasta an Aontais idir EUR 2 mhilliún agus EUR 3 mhilliún.

3.2.2. *An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gan chomhlánú le haghaidh gníomhaireachtaí díláraithe)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain **2024**		Bliain **2025**		Bliain **2026**		Bliain **2027**		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
⇩	Saghas ([12])	Meán-chostas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ([13])…																		
— Aschur																		
— Aschur																		
— Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2…																		
— Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

([12]) Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).
([13]) Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’.

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

— ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

— ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. *Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2021 - 2027
CEANNTEIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
IOMLÁN	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**

3.2.4. *Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

— ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

— ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. *Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha ([14])

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
— **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)**				
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indíreach)	0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)	0	0	0	0
— **Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)**				
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')	0	0	0	0

([14]) Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid de choibhéis lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, maille leis na glanriachtanais atá agat.

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha ([15])

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0
Riarachán Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	— sa Cheanncheathrú	0	0	0	0
	— i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach)		0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7		0	0	0	0
IOMLÁN		**0**	**0**	**0**	**0**

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

	Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	**Foireann bhreise eisceachtúil***		
		Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde	**Le maoiniú ó líne BA**	**Le maoiniú ó tháillí**
Poist sa phlean bunaíochta			Neamhbhainteach	
Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT)				

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021 - 2027**
CEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**

([15]) Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid de choibhéis lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, maille leis na glanriachtanais atá agat.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021 - 2027
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
IOMLÁN	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

— ✠ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

Le Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, déantar foráil maidir leis an mbunús dlí le haghaidh ranníocaíocht an Aontais leis an gCoimisiún Éileamh Idirnáisiúnta go dtí 2027. Ar bhonn na gcuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/792, agus go háirithe faoi Chaibidil V, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 34(3) den Rialachán sin 'Leis an gcúnamh faoin gCaibidil seo, tacófar freisin le neartú na n-acmhainneachtaí le haghaidh coinbhleachtaí a chosc, cothú na síochána agus tabhairt faoi na riachtanais, idir réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime, lena n-áirítear trí bhearta cothaithe muiníne agus trí phróisis lena gcuirtear chun cinn an ceartas, tóraíocht na fírinne, athshlánú cuimsitheach iarchoinbhleachta ar mhaithe le sochaí chuimsitheach shíochánta chomh maith le fianaise a bhailiú ar choireanna a rinneadh le linn an chogaidh. Féadfar cistiú a chur ar fáil faoin gCaibidil seo do thionscnaimh agus do chomhlachtaí atá ag obair chun tacú leis an gceartas idirnáisiúnta san Úcráin agus leis an gceartas sin a fhorfheidhmiú'. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an ionstraim lena mbunaítear an Coimisiún Éileamh an ceartas idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú san Úcráin trí rannchuidiú le sásra lena gcúiteofar na damáistí a d'fhulaing an Úcráin agus a daonra agus a tharla mar gheall ar sháruithe Chónaidhm na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta, déantar foráil le h Airteagal 34(3) de Rialachán (AE) 2024/792 maidir leis an mbunús dlí iomchuí don Aontas chun a ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil don Choimisiún Éileamh go dtí 2027.

— ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

— ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

— ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

— ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

3.3. **An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

— ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

— ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ maidir le hacmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

4. **GNÉITHE DIGITEACHA**

Neamhbhainteach.

4.1. **Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach**

Neamhbhainteach.

4.2. **Sonraí**

Neamhbhainteach.

4.3. **Réitigh dhigiteacha**

Neamhbhainteach.

4.4. ***Measúnú idir-inoibritheacha***

Neamhbhainteach.

4.5. **Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach**

Neamhbhainteach.